C/2024/1487

16.2.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/1487)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Heuvellandse wijn'

PDO-BE-A1426-AM04

Dáta na teachtaireachta: 24.11.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Tuairisc ar an bhfíon**

Feabhsaíodh agus leasaíodh an tuairisc ar shaintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha na bhfíonta.

Cúis: fuarthas go raibh an tuairisc roimhe seo róghinearálta agus nach raibh sí sonrach go leor, agus leasaíodh í dá bhrí sin.

2. **Cleachtais maidir le fíonóireacht**

Leasaíodh foclaíocht na tuairisce, ach níor leasaíodh an t-ábhar a bhí ann.

Cúis: athraíodh litriú an fhocail *oënologisch* [fíoneolaíoch] ar fud an doiciméid go *oenologisch*. Scriosadh eilimintí iomarcacha freisin.

3. **Uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir**

Tugadh an uastáirgeacht cothrom le dáta i gcomhréir leis na caighdeáin atá ann faoi láthair, ar leithligh le haghaidh fíonta geala, rosé agus dearga.

Cúis: tugadh na huastáirgeachtaí cothrom le dáta, agus acmhainneacht na gcineálacha fíniúna á cur san áireamh.

4. **Sainmhíniú ar an limistéar geografach**

Leasú ar an bhfoclaíocht agus soiléiriú a chur leis

Cúis: ceartaíodh litriú an bhardais ó 'Nieuwkerken' go 'Nieuwkerke'. Thairis sin, tá sé luaite go meastar go bhfuil dáileachtaí atá suite i mbardais mháguaird, ach a thosaíonn sraitheanna a bhfíniúnacha laistigh de bhardas atá ina chuid de limistéar a chumhdaítear leis an ainmniúchán bardais, meastar iad a bheith mar chuid den limistéar sin freisin.

5. **Leasú ar chineálacha fíonchaoire**

Leasú ar liosta na gcineálacha

Scriosadh roinnt cineálacha fíniúna toisc nach mbaintear mórán úsáide nó úsáid ar bith astu: Riesling, Cabernet Sauvignon agus Muscat.

Tugadh isteach na cineálacha seo a leanas: Pinot Blanc, Phoenix, Sauvignon Blanc, Solaris, Souvignier Gris, Acolon, Cabernet Cortis, Cabernet Dorsa, Gamay, Pinot Meunier, Rondo, Syrah agus Zweigelt.

Cúis: an gá atá ann na cineálacha atá sainithe do tháirgeadh fíonta sa limistéar Heuvelland a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú, lena n-áirítear cineálacha nua atá ábhartha do shaintréithriú fíonta sa réigiún (féach 'Nasc cúisíoch').

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

6. **Coinníollacha breise**

Rinneadh na coinníollacha a shimpliú. Scriosadh eilimintí iomarcacha.

Cúis: cuirtear feabhas ar an inléiteacht le scriosadh eilimintí iomarcacha.

7. **Faisnéis a bhaineann le páirtithe leasmhara – comhlachtaí cigireachta agus údaráis maoirseachta**

Nuashonrú faisnéise.

Cúis: bhí na sonraí teagmhála as dáta agus tugadh iad cothrom le dáta chun an staid reatha a léiriú. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht táirge an reachtaíocht is infheidhme.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Heuvellandse wijn

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. Saintréithe anailíseacha

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní mór an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte a bheith 9 % de réir toirte.

Ní mór an neart alcóil iarbhír de réir toirte a bheith 10 % ar a laghad.

Níor cheart don neart alcóil iomlán de réir toirte a bheith níos ísle ná 9 % de réir toirte. Má dhéanfar an neart alcóil nádúrtha a mhéadú, níor cheart don neart alcóil iomlán de réir toirte in aon chás a bheith níos airde ná 13 %.

Ní mór an aigéadacht iomlán i ngraim (an cion aigéid iomlán) a bheith 5 ghram in aghaidh an lítir ar a laghad, arna léiriú mar aigéad tartarach.

Ní mór paraiméadair anailíseacha nach bhfuil san áireamh sa roinn seo na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. Saintréithe orgánaileipteacha

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta geala: éadrom, galánta, torthaíoch agus/nó bláthach, dea-bholadh mianrach uaireanta, mínghlanta nó tathagach. Aigéadacht dea-struchtúrtha gan neart alcóil ró-ard mar shaintréith. Is féidir aosú i gcascaí adhmaid fíonta áirithe a fheabhsú.

Fíonta rosé: éadrom, galánta, torthaíoch nó bláthach, dea-bholadh mianrach uaireanta, mínghlanta. Aigéadacht dea-struchtúrtha.

Fíonta dearga: stíl thorthaíoch, úr nó láidir. Léiríonn na fíonta sin saintréithe na bhfíonta dearga tuaisceartacha 'uile'. Ag brath ar an gcineál fíonchaoire agus bliain an fhíona, d'fhéadfadh struchtúr tainnine a bheith acu áfach. Is féidir aosú i gcascaí adhmaid fíonta áirithe a fheabhsú.

Déanann an coiste creidiúnaithe an tástáil orgánaileipteach agus baineann sí le dath, soiléireacht, dea-bholadh agus blas. Cuireadh an bhileog measúnaithe (blaiseadh) le rialacha nós imeachta an choiste creidiúnaithe.

Ní dhéantar tástáil orgánaileipteach ach ar fhíonta a léiríonn na saintréithe anailíseacha a éilítear.

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

I gcás fíonchaor úr, úrfhíon fíonchaor leathchoipthe nó fíon nua atá fós faoi choipeadh, féadfar an neart alcóil nádúrtha de réir toirte a mhéadú, ag an bhfíonghort amháin, trí shiúcrós, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe a chur leis.

Is féidir an fíon a dhí-aigéadú go páirteach. Féadfar fíonta a dí-aigéadú suas le 1 g/l ar a mhéid a shloinntear mar aigéad tartarach, nó 13.3 milleachoibhéis in aghaidh an lítir.

2. Dí-aigéadú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Is féidir an fíon a dhí-aigéadú go páirteach. Féadfar fíonta a dí-aigéadú suas le 1 g/l ar a mhéid a shloinntear mar aigéad tartarach, nó 13.3 milleachoibhéis in aghaidh an lítir.

6. **Uastáirgeacht**

1. An uastáirgeacht mheánach a thomhaistear i gcaitheamh tréimhse 3 bliana, le haghaidh fíonta geala agus dearga le haghaidh: Chardonnay, Chenin Blanc, Johanniter

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. An uastáirgeacht mheánach a thomhaistear i gcaitheamh tréimhse 3 bliana, le haghaidh fíonta geala agus dearga le haghaidh: Kerner, Müller-Thurgau, Pinot Blanc

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. An uastáirgeacht mheánach a thomhaistear i gcaitheamh tréimhse 3 bliana, le haghaidh fíonta geala agus dearga le haghaidh: Phoenix, Sauvignon Blanc, Siegerrebe

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. An uastáirgeacht mheánach a thomhaistear i gcaitheamh tréimhse 3 bliana, le haghaidh fíonta geala agus dearga le haghaidh: Solaris, Cabernet Cortis, Cabernet Dorsa

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. An uastáirgeacht mheánach a thomhaistear i gcaitheamh tréimhse 3 bliana, le haghaidh fíonta geala agus dearga le haghaidh: Gamay, Pinot Meunier, Regent, Rondo, Syrah

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. An uastáirgeacht mheánach a thomhaistear i gcaitheamh tréimhse 3 bliana, le haghaidh fíonta geala agus dearga le haghaidh: Pinot Gris, Pinot Noir

55 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. An uastáirgeacht mheánach a thomhaistear i gcaitheamh tréimhse 3 bliana, le haghaidh fíonta rosé le haghaidh: Cabernet Cortis, Cabernet Dorsa, Gamay

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. An uastáirgeacht mheánach a thomhaistear i gcaitheamh tréimhse 3 bliana, le haghaidh fíonta rosé le haghaidh: Pinot Meunier, Pinot Noir, Regent, Rondo, Syrah

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. Uastáirgeacht mheánach a thomhaistear i gcaitheamh tréimhse 3 bliana, le haghaidh: Acolon, Auxerrois, Dornfelder, Souvignier Gris, Zweigelt

80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar sainithe le haghaidh táirgeadh Heuvellandse wijn suite i limistéar fíonsaothrúcháin A in Heuvelland, ina bhfuil na bardais De Klijte, Dranouter, Kemmel, Loker, Nieuwkerke, Reningelst, Westouter, Wijtschate agus Wulvergem.

Meastar go bhfuil dáileachtaí atá suite i mbardais mháguaird, ach a thosaíonn sraitheanna a bhfíniúnacha laistigh de bhardas atá ina chuid de limistéar a chumhdaítear leis an ainmniúchán bardais, mar chuid den limistéar sin freisin.

8. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Acolon

Auxerrois B

Cabernet Cortis

Cabernet Dorsa

CHARDONNAY B

Dornfelder N

Gamay N

Johanniter B

Kerner B

Müller Thurgau B

Phoenix

Pinot Blanc B

Pinot Gris G

Pinot Meunier N

Pinot Noir N – Vroege Loonse

Regent N

Rondo

Sauvignon Blanc

Siegerrebe Rs – Sieger

Solaris

Souvignier Gris

Syrah

Zweigelt

9. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

9.1. *Suíomh*

Tá aeráid fhionnuar ag Heuvelland agus oícheanta fuara, rud atá fabhrach don fhíonsaothrúchán.

De thoradh chóngaracht na Mara Thuaidh bíonn na geimhrí níos séimhe agus cuirtear cosc ar theochtaí ró-íseal a bheadh díobhálach do na fíniúna.

Tá na dáileachtaí suite go príomha ar fhánaí agus cnoic a bhfuil a n-aghaidh ó dheas agus iad dea-dhraenáilte, is é sin ar na haghaidheanna ó dheas de na cnoic Monteberg, Kemmelberg, Baneberg, Vidaigneberg, Rodeberg, Zwarteberg agus Scherpenberg.

Tá droch-ithir aigéadach dhúrabháin ghainmheach ag Heuvelland agus draenáil iontach maith, de thoradh na hiarnchloiche san ithir agus maoschlár domhain screamhuisce.

9.2. *Mionsonraí an táirge*

Tá saintréith aramatach, mianrach agus úr ag fíonta Heuvelland, a bhíonn idir measartha éadrom go measartha tathagach. De ghnáth bíonn cumhracht bhunaidh luibhe agus bláthach ag na fíonta, mar gheall ar an meascán de chineál fíonchaoire agus an ithir shonrach.

Ag brath ar an mbliain fíona agus an cineál fíonchaoire, is féidir fíonta Heuvelland seasamh idir 2 agus níos mó na 5 bliana.

Bíonn na fíonta súilíneacha réasúnta tathagach, galánta agus casta.

9.3. *Nasc cúisíoch*

Tá an tréimhse aibíochta fada mar gheall ar an aeráid fhionnuar agus na hoícheanta fuara. Cumasaítear leis sin do thuilleadh dea-bholaithe a fhorbairt gan barraíocht siúcra a tháirgeadh, as a dtagann fíonta aramatacha a choinníonn a n-úire i gcónaí. De ghnáth fanann an neart alcóil íseal dá bhrí sin, i.e. 12.5 %.

Leis an iarnchloch ar an dromchla soláthraítear miocraeráid níos teo lena gcumasaítear do na fíonchaora aibiú rud beag níos fearr gach uair, agus a tháirgeann fíon ar deireadh a bhfuil cothromaíocht idir milseacht agus aigéadacht aige.

Deascann an ithir thirim agus shuarach teacht isteach na bhfíniúnacha sa chéim d'fhás luasmhoillithe nó coiscthe. Is é sin an chéim ina n-éiríonn fótaisintéis níos éifeachtúla agus ina dtáirgtear tuilleadh polaifeanól agus meitibilítí tánaisteacha. Leis sin tugtar struchtúr níos fearr do na fíonta, déantar iad níos aramataí agus fágtar gur féidir iad a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide.

Ceadaítear dúinn leis an aeráid fhionnuar agus na dálaí fabhracha ar a dtugtar tuairisc thuas fíonta geala agus dearga a dhéanamh, ce go mbíonn a dtáirgeacht níos éasca i roinnt blianta i gcomparáid le blianta eile. Thairis sin, ní tháirgeann fíonchaora a fhástar in aeráid den sórt sin an oiread sin siúcra agus coinníonn siad aigéadacht leordhóthanach i gcónaí. Leis sin is féidir roinnt fíonta súilíneacha an-mhaith a dhéanamh in Heuvelland.

10. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Fíonchaora a phróiseáil chun fíon a dhéanamh díreach ina aice leis an limistéar geografach

Creat dlíthiúil

Rialacha an Aontais

Cineál an choinnill bhreise :

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gcoinníoll :

Chun ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Heuvellandse wijn' a fháil, ní mór iarratas a chur faoi bhráid na rúnaíochta de chuid an choiste creidiúnaithe. Féadfaidh táirgeoirí uile ón limistéar táirgthe sainithe iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú trí chomhad iomlán a chur isteach. Ní mór dóibh méid íosta 60 lítir in aghaidh na baisce a tháirgeadh chun bheith in ann iarratas a dhéanamh.

Ní mór próiseáil na bhfíonchaor chun úrfhíon fíonchaor a dhéanamh agus an úrfhíona chun fíon a dhéanamh a tharlú laistigh den limistéar geografach ina mbuanadh na fíonchaora, nó, faoi réir údarú roimh ré go sainráite ón choiste creidiúnaithe, díreach in aice leis an limistéar geografach.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://lv.vlaanderen.be/nl/landbouwbeleid/kwaliteitssystemen/beschermde-oorsprongsbenamingen-bob-en-beschermde-geografische